7

Focail Dheacra

	Lch
reveille	68
drogallach	
ag slíocadh a shoic	69
doscartha	
glib	
cneácha	70
diallaite	
fadharcáin	
scliúchas	71
tormán	
ceárta	72
ridirí	73
cathéide	
ar maos	
trinse (trinsí)	74
tochaltán (tochaltáin)	
fiarlán (ag déanamh fiarláin)	
creachadh	
adhairt	76
dúlaíocht	77
díomhaointeas	78
léirscrios	79

Frásaí

	Lch
ó dhubh go dubh	71
ar nós na gaoithe	71
ní raibh an dara suí sa bhuaile ann	72
gan stad gan staonadh	75

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cén t-ainm a bhí ar an trúipéir óg a tháinig leis an Chaptaen Stewart?
2. Cad chuige ar shíl Joey nár mharcach maith a bhí sa Trúipéir Warren?
3. Ar thug an Trúipéir Warren aire mhaith do Joey?
4. Cad é an phrintíseacht a bhí ar bun ag an Trúipéir Warren sula ndeachaigh sé isteach san arm?
5. Cad é an rud ba mhó a chuir eagla ar an Trúipéir Warren i ndiaidh an chéad chatha?
6. Cad é a rinne an Trúipéir Warren le haire ar leith a thabhairt do Joey?
7. Cé a scríobh litreacha chuig an Trúipéir Warren?
8. Cad é an chéad ainm a bhí ar an Trúipéir Warren?
9. Cén fáth nach scríobhfaidh Sally chuig an Trúipéir Warren?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cén fáth a bhfuil an Captaen Stewart ag déanamh cinnte go dtabharfar aire mhaith do Joey?
2. Cad chuige ar liostáil an Trúipéir Warren san arm?
3. Cé go dtugann an Trúipéir Warren aire mhaith do Joey, cad é a dhéanann sé nach bhfuil maith?
4. Cad é an toradh a bhí ar an drochaimsir?
5. Cad é an t-athrú a tháinig ar na saighdiúirí i ndiaidh na troda?
6. Cad é a deir an Trúipéir Warren faoi Sally a léiríonn an grá atá aige di?
7. Cén fáth ar dhúirt an Trúipéir Warren ‘Cuir bród orm’ le Joey?

Ceisteanna Smaointeoireachta

1. An dóigh leat go bhfuil sé aisteach go labhraíonn an Captaen Stewart le Joey amhail is gur duine atá ann?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Plé Grúpa / Díospóireacht

Ní raibh cead ag mná a bheith páirteach sa chogadh ach bhí ról iontach tábhachtach acu i ngach tír a bhí páirteach ann agus bhí tionchar aige sin ar ról na mban sa tsochaí ina dhiaidh sin. Is féidir linn sin a fheiceáil sa phóstaer thíos a bhaineann leis an Dara Cogadh Domhanda, tríocha bliain níos moille.

Eagraigh díospóireacht leis an rún: 'Ba cheart go mbeadh cead ag mná a bheith ag troid sa Chéad Chogadh Domhanda' nó eagraigh plé grúpa faoi 'Ról na mBan sa Chéad Chogadh Domhanda'.